2025/51

10.1.2025

CINNEADH (AE) 2025/51 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2024

lena n-údaraítear an Coimisiún athnuachaintí ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) a chaibidil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 101, an dara mír, de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) ([1]) ('an Comhaontú') in éag an 31 Bealtaine 2024.

(2) Meastar go gcinnfidh Bord Feidhmiúcháin KEDO leanúint de KEDO mar eagraíocht idirnáisiúnta tar éis an 31 Bealtaine 2024.

(3) Is chun leas Euratom é leanúint dá bhallraíocht in KEDO tar éis an 31 Bealtaine 2024 ar chúiseanna airgeadais agus dlíthiúla.

(4) Ba cheart éifeacht chúlghabhálach a bheith ag an síneadh arna chur leis an gComhaontú ón 31 Bealtaine 2024.

(5) Ag cur san áireamh a atriallaí agus a fhadálaí a bhí an próiseas roimhe seo chun síneadh a chur leis an gComhaontú agus nach ann do ghealltanais airgeadais ó Euratom ná ó na Ballstáit, ba cheart cur chuige níos simplithe a bheith ann maidir le síntí a chur leis an gComhaontú feasta, cur chuige a bheidh bunaithe ar shainordú níos leithne ón gComhairle don Choimisiún maidir le síntí amach anseo a chaibidil. Thabharfadh an sainordú níos leithne sin an deis don Choimisiún níos mó ná athnuachan amháin ar an gComhaontú a chaibidil, ar choinníoll nach mbeidh aon tionchar airgeadais ag athnuachan chomhaltas Euratom in KEDO ar bhuiséad an Aontais. Ba cheart go mbeadh an chaibidlíocht sin gan dochar don saincheart atá ag an gComhairle, faoi Airteagal 101 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Chonradh CEFA), a fhormheas go dtabharfaidh an Coimisiún na comhaontuithe athnuaite i gcrích, ar comhaontuithe iad a mbeidh Euratom ina pháirt iontu. Ba cheart don Choimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas faoi aon athnuachan ar an gComhaontú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom), athnuachaintí ar an gComhaontú idir Euratom agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) a chaibidil.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

LANTOS C.

([1]) Cinneadh (Euratom) 2023/2781 ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena bhformheastar go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Eagraíocht Forbartha Fuinnimh Leithinis na Cóiré (KEDO) a thabhairt i gcrích (IO L, 2023/2781, 12.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2781/oj).